



Béascna 6 (2019): 170-176

Mám ón nGort

Chuige an roinn nua seo chun samplaí den obair atá idir lámha i láthair na huaire mar chuid den tionscnamh taighde *AN LÉANN DÚCHAIS LEICTREONACH* (LDL) a chur fé bhráid léitheoirí *BÉASCNA*. Tá áthas ar eagarthóirí *BÉASCNA* agus ar fhoirean Roinn an Bhéaloidis cur leis an nasc torthúil seo idir an iris agus taighde na Roinne. Tá an tionscnamh á mhaoiniú ag an Údarás um Ardoideachas ó 2004 i leith. Tugann an Roinn comhthéacs acadúil don tionscnamh taighde seo, ó thaobh comhairle agus léinn de, chun gnéithe de shaol agus de chultúr comhaimseartha na Gaeltachta a thuairisc le cabhair na teicneolaíochta is nuálaí. Ceapadh Cúntóirí Taighde chun an taighde seo a dhéanamh sa ghort. Ar an bhfoireann go dtí seo bhí Treasa Ní Éaluighthe (Port Láirge agus Iarthar Chorcaí), Dáithí de Mórdha (Iarthar Chiarraí), Proinsias Ó Cuilinn (Tír Chonaill) agus Piaras Ó Droighneáin (An Ghaillimh). Tá an taighde á chur chun cinn ar bhonn téamúil. Is é Ceann na Roinne, an Dr Stiofán Ó Cadhla, a cheap an tionscnamh agus atá á stiúru ó shin i gcomhpháirt le foireann Léann Dúchais na Roinne, an Dr Clíona O’Carroll agus Ciarán Ó Gealbháin. Ón mbliain 2008 amach is é ‘Béaloidias na mBan’ an téama atá á chioradh agus tá mná na Gaeltachta ó Thír Chonaill go dtí Corca Dhuibhne agus ó Chúil Aodha go dtí Rinn Ó gCuanach i mbun seanchas a sholáthar mar chuid den tionscnamh seo, a dhíríonn d’aon ghnó glan ar fhianaise na mban le hionchas an fhaillí a deineadh in Éirinn le tamall fada de bhlianta sa ghné thábhachtach seo den mbéaloidias a chúiteamh. San alt seo a leanas, cuireann Dáithí de Mórdha, duine de na Cúntóirí Taighde agus mac léinn iarchéime de chuid na Roinne, blúire den seanchas saibhir a bailíodh fén scéim taighde seo fé bhráid ár gcuid léitheoirí. Tá súil againn go gcuirfear samplaí eile ón dtionscnamh i gcló san iris amach anseo.

‘Mam ón nGort’, is a new feature of *BÉASCNA*, showcasing select extracts from current fieldwork, carried out by Research Assistants in the Department of Folklore and Ethnology’s Irish-language *LÉANN DÚCHAIS LEICTREONACH* (LDL) project. The editors of *BÉASCNA* and An Léann Dúchais Staff are delighted to foreground the vital link between this journal and ongoing fieldwork and



research within the Department. The project has been kindly supported by the Higher Education Authority since 2004. Research Assistants from several regions have been employed to conduct fieldwork, among them Treasa Ní Éaluighthe (Waterford and West Cork), Dáithí de Mórdha (West Kerry), Proinsias Ó Cuilinn (Donegal) and Piaras Ó Droighneáin (Galway). It was designed, and is directed by, Head of Department, Dr. Stiofán Ó Cadhla, with the assistance of An Léann Dúchais Staff, and employs the latest AV technology. The aim of the project is to research critically important aspects of past and contemporary life in Gaeltacht areas and, where relevant, in the wider Irish-speaking community. It is envisaged that this record will not only be of interest to the general public, but that it may also serve as a resource for scholars and as a didactic tool or learning aid within the Department. Since 2008 LDL has followed a theme-based approach focussing on women's knowledge and experience. To this end, Irish-speaking women from Donegal to Dingle and from Ballyvourney to Ring have given oral accounts relating to their life experiences. In the following article, Dáithí de Mórdha, Research Assistant and a postgraduate student of the Department, shares with readers of *BÉASCNA* some of the rich material recently collected by him under the auspices of the scheme. Further extracts of LDL fieldwork will appear in future issues of *BÉASCNA*.

Eagarthóirí *BÉASCNA*, 2010

Seanchas Cráifeach ó Iarthar Duibhneach

Cnuasach beag de phaidreacha traidisiúnta agus seanchas cráifeach ó Iarthar Duibhneach é seo, a bailíodh ó éinne amháin, Caitlín Bn Uí Shé, ón gClochán Dubh i bParóiste na Cille, i rith mhí an Mheithimh 2010. Tá stór ollmhór de shean-phaidreacha, sean-amhráin agus scéalta ag Caitlín, agus í ábalta ar iad a thabhairt chun cuimhne ar hap a' tairne.

Rugadh Caitlín sa bhliain 1926, í ar dhuine den gcúigear clainne a bhí ar Phádraig Ó Maoileoin ón gClochán Dubh agus Máire Nic Eoin ó Bhaile na nGall (Mac Gearailt 2004, 15). Deir sí go raibh óige bhreá shuáilceach aici, agus ní ón ngaoth ná ón aimsir a thug sí a stór béaloidis léi:



Luíodh m'athair ar an *settle* gach aon tráthnóna agus bhíodh sé ag amhrán. Tigh ana-shuáilceach ab ea mo thigh-se ar an gClochán Dubh. Níor ardaigh mo mháthair a lámh riamh chugainn, agus bhreá linn a bheith ag obair i dteannta m'athar mar ní raibh sé riamh lochtach, milleánach. Rincfeadh sé ar phláta duit, agus mhúineadh sé rince do dhaoine. Nuair ná bíodh sé ag amhrán bhíodh sé ag scéalaíocht. Bhfuil a fhios agat, anois, nuair a bhím ag cuimhneamh siar, tagann na scéalta san chugam. N'fheadar ná go scríobhfainn síos lá éigin iad (Uí Shé 2007, 166).

Thug Caitlín fén mbád bán ag deireadh na ndaichidí agus chuaigh i mbun staidéir altranais i Londain. B'éigean di fillleadh abhaile tar éis tamaill, áfach, toisc gur buaileadh breoite a máthair. Phós sí Maidhc Sheáinín Dan Ó Sé ón mBaile Loiscithe agus thógadar aon duine dhéag clainne. Ana-bhean cuileachtan is ea í, agus í fós sáite i gcúrsaí drámaíochta. Tá sí maith ábalta ar amhrán a rá, agus níl aon teip ar a cuimhne chomh fada le sean-rannta, dánta, amhráin agus paidreacha de.

Tá scéal a beatha scríte ag Caitlín, agus í ag súil lena fhoilsiú. Bhí páirt lárnach aici sa tsraith teilifíse sin (de chuid an chomhlachta Dovinia) *Bibeanna*, a craoladh ar TG4 agus a léirigh saol bhantracht Chorca Dhuibhne sa bhfichiú haois, is tá cuir síos uirthi sa leabhar a d'eascair aisti. Seo cuid den chaint a dhein Caitlín liom i dtigh a hiníne, Treasa, i mBaile an Chalaigh i bParóiste Dhún Úrlann, Iarthar Duibhneach, ar an 4 Meitheamh 2010.

Caitlín: Bhíodh na mná i gcónaí ag paidreoireacht dóibh [dos na fearaibh], ag síor-phaidreoireacht. Bhíodh ana-chuid paidreacha acu. Bhí paidir acu chun tú a shaoradh ar do namhaid:

Aisling a deineadh do Chríost,
agus gan é ach mí i mbroinn A mháthar,
cuirimid an aisling sin rómhainn is inár ndiaidh,
sinn a sheachaint ar na sluaite sí, bearta brónach,
sinn a sheachaint ar ár namhaid beo agus marbh.

... agus déarfadh mo mháthair liomsa dá ndéarfá é sin gach aon lá ná baol duit do namhaid. Mar tá, deir siad go bhfuil namhaid agus i gcónaí, agus ná feadairís cá'il sé.





Dáithí: Bhíodh paidir acu dos na haon tsaghas ócáid'?

C: Bhíodh paidreacha acu do na haon tsaghas, paidreacha don dtine:

Coiglimís an tine seo mar a choigilíonn Críost cách,
Muire ar cheann an tí agus Bríd ina lár.
An ceathrar aingeal is airde i bhFlaithis na nGrást,
A' coigilt an tí seo is a mhuintir go lá.

Bhíodh ceann ana-mhaith ansan aige m'athair, Nuair a luím ar an leabaidh, paidir i gcomhair bás dorcha na hoíche:

Nuair a luím ar an leabaidh luím ar an uaigh,
M'fhaoistine go mór leat, a Thiarna mór-ghlómhar,
Ag iarraidh aspalóide atháim Ort anocht.
Ó, a Mhuire mheidhreach is a Mhaighdean ró-ghlómhar,
Tabhair dom radharc ar do theaghlach is ar do mhór-ghlóire.
Solas na soilse agus radharc na Tríonóide,
Agus grása na foighne i ndiaidh na héagóra.
Cros na n-aingeal sa leaba go luím,
Braon dod' ghrásta i lár ár gcroí againn,
Ag scaipeadh agus ag tógaint an cheo seo dínne,
Dearna Mhuire agus cúig mhéarna Íosa,
Ár n-aoireacht is ár ngárdáil ar bhás dorcha na hoíche.

Agus dá ndéarfá é sin ag dul a chodladh ní gheofá bás go deo istoíche.

D: Nach deas an ceann é sin. An bpiocabhair ar fad suas iad san?

C: Phiocas iad ar fad suas óm athair, Beannacht Dé lena anam. Agus mé suite ar lic na tine agus mé ana-óg, agus cuimhním i gcónaí orthu.

D: Cé na paidreacha is mó a bhíonn agat féin, cad iad na rudaí is deise leat?

C: An Choróin Mhuire, mhuisse, agus deirim an phaidir sin 'Aisling a deineadh do Chríost', agus

Aingeal Dé mo ghrá thú,
Mo ghrá d'iarrfaidh mé mar chúram ort,
Comhairligh mé, díon mé, stiúirigh mé,
Coimeád ar mo leas mé, inniu agus ó inniu go dtí lá mo bháis,
Agus tabhair suas don Slánaitheoir mé an lá san.





Agus 'á ndéarfá é sin na haon lá, mar níl éinne ag braith ar an aingeal ach tusa, agus 'á ndéarfá leis an aingeal é, chaithfidh sé cabhrú leat.

D: Agus deireann tú é sin gach maidin, ab ea?

C: Deirim i gcónaí é sin. Agus 'An Memorare', 'Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire Rócheansa', deirimid é sin leis.

D: Cén ceann é sin?

C: Cuimhnigh, a Mhaighdean Mhuire rócheansa
 nár chualathas trácht ar aoinne riamh
 do chuir é féin fét thearmainn
 ná a d'iarr cabhair ort ná tairbhe
 d'idirghuí is gur theip tú air.
 Lán de mhuintín asat, dá bhrí sin,
 rithimse chugat, a Mhaighdean
 na Maighdean is a Mháthair.
 Chugatsa a thagaim
 is os do chomhair a sheasaim,
 i mo pheacach bocht atuirseach.
 Ó a Mháthair an Aonmhic,
 ná diúltaigh do m'urnaithe
 ach éist leo go trócaireach
 agus tabhair tor ar mo ghuí, Amen.

Sin é 'An Memorare' ansan, agus 'á ndéarfá é sin na haon lá leis, chabhródh Dia leat. Bhíodar san go léir agam mar d'fhoghlaimíos óm athair iad, bhíodh m'athair i gcónaí ag paidreoireacht agus déarfadh sé dúinn i gcónaí iad.

D: Agus an raibh aon tobar beannaithe thuaidh! agaibh, an raibh?

C: *Oh God* bhí, agus tobar ana-mhaith againn, thuas in aice linn, tobar Bhreandáin, ar an gCill, nuair a dhéanfá turas na cille, turas an teampaill. 'Á ndéanfá turas an teampaill naoi uaire, dhéanfainn i gcónaí é fhaid a bhí aon mhaith ionam,

D: Sin Cill Chúáin ab ea?

C: Ní hea ach Cill Maoilchéadair, an áit a bhfuil an teampall. Phiocfá naoi chloch, agus raghfá timpeall Tobar Bhreandáin. 'Á raghfá suas ansan agus trí dheoch a ól as, tar éis an turas a thabhairt, ní bheadh aon tinneas cinn ort ar feadh na bliana. Agus dheinimis é sin, dheinimis i gcónaí é. Trí bholgam uisce a thógaint amach as.



D: Agus an ndéanann éinne é a thuilleadh?

C: Níl dheineann mar ní féidir dul isteach ann. Tá sé dúnta ag duine éigin agus ní fhéadfá dul isteach ann. Tobairín aoibhinn ab ea é.

D: An mbíteá ag imeacht go paróistí eile, abair Turas Chaitlíona² nó Turas Ghobnait³ thiar?

C: Ní théinn go deo chuchu san. Turas na Cille is mó a dheininn. Ach turas an Bhaile Riabhaigh⁴ dheininn é sin cúpla uair leis. Bhí sé ana-mhaith. Bhí Tobar an Bhaile Riabhaigh ana-mhaith 'á raghfá ann a' céalacan ar maidin. Bhí sé ana-mhaith le breacadh an lae, roimis a sé a chlog, chaithfeá a bheith ann,

D: Cé lá den mbliain a dhéanfá turas na Cille?

C: Domhnach Cásca i gcónaí.

D: An bhfuil pictúirí beannaithe sa tigh agat?

C: Ó bhí agus táid i gcónaí agam. An *Sacred Heart* agus an Mhaighdean Mhuire, Padre Pio, St. Anthony.

D: Agus *statues*, an *Child of Prague*?

C: Bhuas ceann acu ar na ráiseanna fadó riamh riamh agus is mó lá agus oíche Shathairn ann. Bhí na leanaí beag agus thugas liom iad ar fad 'dtí na ráiseanna lá iad ... bhuas cúpla *statue* an lá san. Ba bhreá lem chroí a bheith ag an *wheel of fortune* ansan agus a bheith ag féachaint orthu. Bhuas an *Sacred Heart*, An Mhaighdean Mhuire agus an *Child of Prague*. Tá sé fós agam age baile, ceann mór ar an bhfuinneog.

D: An gcualáís riamh an nós, an *Child of Prague* a chur amach fé thor ar lá pósadh go mbeadh aimsir mhaith ann?

C: Tá sé sin fíor i gcónaí. Cuirimse amach i gcónaí é sin. Agus dá gcuirfeá airgead thíos féig ní bheadh aon cheal airgid go deo ort. Thíos fena thóin, ar a bhonn.

D: An raibh na *Stations* riamh sa tigh agat?

C: Ó bhíodh go minic, ar ár mblianta⁵ bhíodh trí nó ceathair de bhlianta agus bhídís i gcónaí ag gach éinne. Lá ana-dheas ab ea é. Bhíodh clocha siúicre againn agus bhímis chomh sásta! 'Cuimhin liom uair amháin bhí *stations* againn agus maidin ana-fhuar ab ea é. Ní bhíodh na leanaí go deo istigh nuair a bhíodh an sagart, ba dhóigh leat nár cheart duit a bheith. Bheifeá amuigh agus bheifeá leata, agus bheifeá isteach is amach an doras. Is cuimhin liom gur Father Tom a bhí ann, agus bhí sé suite cois na tine agus bhí tine mhór bhreá aige. Ghaibheas féin isteach ach go háirithe agus bhíos leata. "Tar aníos a chailín agus téigh tú féin," adúirt sé, agus shuíos suas agus bhíos breá te. Cuimhneod go deo ar na *stations* san!

Bhíodh na sagairt sásta le ubh beirithe, cloch siúicre agus dá mbeadh

císte *currants* acu, sin eile, agus císte uachtair b'fhéidir, bhíodh císte uachtair bán déanta an uair sin.

D: Agus an mbíodh mná eile an cheantair ag teacht le císte agus mar sin de?

C: Ní thugaidís faic leo, ní raibh an béas san in aon chor acu. D'fhanfaidís le cupa tae, agus dhéanfadh muintir an tí féin na cístí.

D: Agus istigh sa chistin ab ea a deirtí an tAifreann?

C: Istigh sa chistin ab ea a deirtí an tAifreann, agus faoistin thuas sa tseomra. Ach an t-aon rud amháin a bhíodh ag cuir tinnis ar an sagart fadó, bhíodh péint éigin acu curtha ar na cathaoireacha agus ní bhídís triomaithe i gceart. Agus pé sagart ach go háirithe bhí na *stations* in áit éigin, nár cheangail sé don gcathaoir! Bhí an péint friseáilte agus ní fhéadfadh sé é féin a d'ardach! Agus “péint is aol” a bhí aige an doras amach, “péint is aol!”

Nótaí

¹ I bparóistí na Cille agus Mórdhach.

² I bparóiste Fhionn Trá.

³ I bparóiste Dhún Chaoin.

⁴ I bparóiste an Daingin.

⁵ D'ainmneodh an Sagart tigh áirithe ón altóir dos na stáisiúin, rud a chinntigh go mbeadh na stáisiúin i dtigh difriúil gach babhta.

Tagairtí

Mac Gearailt, Breandán ‘Brandy’. 2004. *Dúthaigh Duibhneach*. Coiscéim: Baile Átha Cliath.

Uí Shé, Caitlín. 2007. ‘Caitlín Bean Uí Shé.’ In *Bibeanna: Memories from a Corner of Ireland*. Arna chur in eagar ag Brenda Ní Shúilleabháin, 164-71. Corcaigh: Mercier Press.